Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15946/22**

**MOG 140**
**COPS 609**
**CFSP/PESC 1707**
**COHAFA 120**
**RELEX 1720**
**YEMEN 2**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Do na Toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hÉimin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le hÉimin, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2022.

**Iarscríbhinn**

# CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE hÉIMIN

1. Ag meabhrú dó na Conclúidí ón gComhairle roimhe seo maidir le hÉimin in 2018 agus 2019, leanann an tAontas le súil ghéar a bhfuil ag titim amach sa tír, agus is cúis mhór imní dó é, i bhfianaise na sáinne leanúnaí sa staid pholaitiúil. Ó bhí na Conclúidí deireanacha ón gComhairle ann, tá rannpháirtíocht an Aontais le hÉimin leathnaithe agus níos doimhne araon. Is príomhghníomhaithe iad an tAontas agus a chuid institiúidí sa tacaíocht idirnáisiúnta d'iarrachtaí síochána na Náisiún Aontaithe, agus do ghnóthaí daonnúla.

2. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta, ar bhonn prionsabail, d'aontacht, ceannasacht, neamhspleáchas agus sláine críche Éimin, agus do thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí síochána na Náisiún Aontaithe agus do Thoscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe, Hans Grundberg (UNSE), in iarrachtaí idirghabhála. Áirítear leis sin an dlúthchomhar idir Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe, institiúidí an Aontais agus Ballstáit an Aontais. Déantar tionchar rannpháirtíocht an Aontais a fheabhsú a thuilleadh trí ionadaíocht a dhéanamh i bpríomhfhormáidí idirnáisiúnta ar Éimin agus trí chomhar le croí-chomhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Tacaíonn an tAontas leis an Uachtarán Rashad Al Alimi agus le haontacht Chomhairle Ceannaireachta an Uachtaráin (PLC).

3. Ag meabhrú dó na Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le 'Comhpháirtíocht Straitéiseach leis an Murascaill' an 20 Meitheamh 2022[1], dearbhaíonn an tAontas ábharthacht Éimin i gcomhthéacs comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt le tíortha i réigiún na Murascaille, lena n-áirítear i réimsí na riachtanas domhanda daonnúil agus forbartha, agus na ndúshlán slándála domhanda agus réigiúnach. Is tosaíochtaí don Aontas Eorpach iad an tsíocháin agus an chobhsaíocht, lena n-áirítear an tslándáil mhuirí, a chur chun cinn agus díghéarú an teannais a bhaint amach i réigiún na Murascaille i gcoitinne. Dearbhaíonn an tAontas freisin go bhfuil sé d'uaillmhian aige dul i mbun idirphlé agus comhordú níos doimhne le gníomhaithe réigiúnacha chun an tslándáil agus an chobhsaíocht réigiúnach a chur chun cinn. I bhfianaise thionchar choinbhleacht Éimin ar an tslándáil agus an chobhsaíocht réigiúnach, iarrann an tAontas ar ghníomhaithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha dul i dteagmháil ar bhealach cuiditheach le páirtithe Éimin agus molann sé iarrachtaí Chomhairle Comhair na Murascaille (CCG) agus na dtíortha comharsanachta chun tacú leis na hiarrachtaí síochána in Éimin.

[1] JOIN(2022) 13 final, arna fhoilsiú an 18 Bealtaine 2022.

4. Tá rannpháirtíocht an Aontais le hÉimin nasctha le príomhleasanna agus le príomhghealltanais an Aontais, lena n-áirítear: tacú leis an tsíocháin agus le hord idirnáisiúnta riailbhunaithe; an riachtanas daonnúil chun tacú le muintir Éimin; cur chun feidhme an Chláir Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil ar fud an domhain; a thábhachtaí atá Éimin do phríomhlínte soláthair fuinnimh agus tráchtearraí eile atá muirbhunaithe, an cuspóir chun slándáil agus cobhsaíocht réigiún na Murascaille, na Mara Rua agus Chorn na hAfraice a áirithiú; agus an gá atá le leathadh breise eagraíochtaí sceimhlitheoireachta a chosc.

5. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá freagairt ar an riachtanas daonnúil chun tacú le muintir Éimin. Tá an fhreagairt idirnáisiúnta, lena n-áirítear faoiseamh daonnúil a sholáthar agus tacú le forbairt in Éimin, fós tearcmhaoinithe den chuid is mó. Tá an tAontas tiomanta freisin don chabhair um fhorbairt a mhéadú, i gcomhréir leis an bpróiseas síochána, agus do rannchuidiú a thuilleadh le geilleagar Éimin a atógáil a luaithe a thiocfar ar réiteach polaitiúil marthanach ar an gcoinbhleacht. Beidh sé ríthábhachtach béim bhreise a chur ar mhná agus ar chailíní.

6. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do phróiseas síochána faoi stiúir na Náisiún Aontaithe agus do shocrú cuimsitheach. Cé gur tugadh ionchais chun cinn in 2022 maidir le próiseas síochána a thionscnamh ar bhonn an tsosa cogaidh a rinne UNSE a chaibidil, is olc leis an Aontas nach bhfuil sé sin tagtha chun cinn go fóill. Molann an tAontas cur chuige cuiditheach rialtas Éimin le linn an tsosa cogaidh agus na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag gníomhaithe réigiúnacha, go háirithe ag an Araib Shádach agus ag Óman, as an sos cogaidh a shíneadh. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go láidir le Hans Grundberg, UNSE, agus iarrann sé ar na páirtithe leanúint de chumarsáid a dhéanamh leis ar bhealach cuiditheach. Ní mór iarrachtaí a dhíriú ar shos cogaidh inbhuanaithe agus ní mór tacú le tograí UNSE le haghaidh creatphróiseas trí rian (polaitiúil, slándála agus eacnamaíoch) chun réiteach cóir agus cuimsitheach a bhaint amach don choinbhleacht in Éimin, le rannpháirtíocht pholaitiúil iomlán, fhóinteach agus chomhionann na mban ar gach leibhéal. Tá tacaíocht an Aontais bunaithe ar chur chuige comhtháite, lena gcumhdaítear gach rian, agus lena ndírítear ar thacaíocht agus comhordú le haghaidh idirghabhála chomh maith le tionscnaimh le haghaidh idirphlé agus sos comhraic.

7. Tathantaíonn an tAontas ar na Houthis seasaimh uasta a thréigean agus dul i dteagmháil ar bhealach cuiditheach le UNSE, agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an sos cogaidh a athbhunú agus a shíneadh a thuilleadh, chomh maith leis na bearta tionlacain uile a chothabháil agus a leathnú, lena n-áirítear bóithre in Taez agus gobharnóireachtaí eile a athoscailt, lastais bhreosla a théann isteach i gcalafort Hodeidah agus eitiltí tráchtála isteach in Sana'a agus amach as.

8. Ós cúis mhór imní dó go ndeachaigh an sos cogaidh a chomhaontaigh na páirtithe uile an 2 Aibreán 2022 in éag an 2 Deireadh Fómhair agus na hionsaithe ladrainn a rinne na Houthis arís agus arís eile ar bhonneagar an chalafoirt in Éimin, ag tosú leis an ionsaí ar chalafort Al-Dabba an 21 Deireadh Fómhair á gcáineadh aige, áitíonn an tAontas go háirithe ar na Houthis aird a thabhairt ar an iarraidh ó UNSE go mbeadh sos suaimhneach ann fad atá an chaibidlíocht chun an sos cogaidh a athnuachan agus a shíneadh fós ar siúl. Ní mór deireadh a chur leis na hionsaithe ar fad. Ní féidir glacadh le hionsaithe ná le bagairtí ionsaithe ar bhonneagar sibhialta ar nós suiteálacha cuideachtaí ola agus loingseoireacht tráchtála a oibríonn sa réigiún, lena n-áirítear i bhfianaise a thábhachtaí atá an tslándáil mhuirí. Chuir CSNA, a chorpraíonn an comhphobal idirnáisiúnta maidir le cúrsaí síochána agus slándála, in iúl gurbh ionsaí sceimhlitheoireachta é an t-ionsaí a tharla an 21 Deireadh Fómhair. Cuireann an tAontas in iúl an athuair gur cúis imní dó leathadh na teicneolaíochta sofaisticiúla diúracán agus ladrann sa réigiún.

9. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Mheitheal Idirnáisiúnta um Sos Comhraic lena dtugtar le chéile na Náisiúin Aontaithe, Ballstáit an Aontais, na Stáit Aontaithe agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile, chomh maith leis an sásra comhordúcháin arna iarraidh sin ó UNSE idir gníomhaithe idirghabhála Rian II. Tá sé ríthábhachtach tacú le rannpháirtíocht pholaitiúil iomlán, fhóinteach agus chomhionann na mban ar gach leibhéal le haghaidh caibidlíocht chuimsitheach ina nglacfaidh na páirtithe uile lena mbaineann páirt, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, mná agus an óige.

10. Tá an tAontas tiomanta do shláine críche Éimin agus don ghá atá le réiteach cuimsitheach, tacaíonn sé le hiarrachtaí an Uachtaráin Al-Alimi, agus iarrann sé ar na páirtithe uile, lena n-áirítear Comhairle Idirthréimhseach an Deiscirt, aitheantas a thabhairt don tábhacht bhunúsach a bhaineann le haontacht PLC ar mhaithe le síocháin mharthanach in Éimin.

11. I gcomhthéacs níos leithne, ba dhíol sásaimh don Aontas vótaí dearfacha Éimin i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe inar cáineadh fogha na Rúise faoin Úcráin agus chuir sé i dtreis a thábhachtaí atá sé leanúint de thacaíocht a thabhairt d'iomláine chríochach na hÚcráine agus d'ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint ag fóraim iltaobhacha.

12. Iarrann an tAontas ar na páirtithe sa choinbhleacht staonadh ó chogaíocht ar bith agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú go hiomlán. Tathantaíonn an tAontas ar na páirtithe leanaí arna n-earcú ag fórsaí armtha a scaoileadh saor agus comhoibriú leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí daonnúla eile chun iad a athimeascadh ina bpobail. Ní mór do na páirtithe a áirithiú go gcosnófar go hiomlán agus go cuí sibhialtaigh, go háirithe mná agus leanaí agus daoine ar de mhionlaigh iad, lena n-áirítear mionlaigh reiligiúnacha, chomh maith le himircigh, iarrthóirí tearmainn, daoine easáitithe ina dtír féin agus dídeanaithe in Éimin.

13. Is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí an staid thurraingeach dhaonnúil in Éimin, áit a bhfuil cúnamh daonnúil de dhíth ar níos mó ná 70 % den daonra agus ina bhfuil neamhshlándáil an tsoláthair bia roimh níos mó ná leath den daonra. Iarrann an tAontas ar na páirtithe rochtain iomlán, shábháilte, thapa agus gan bhac a áirithiú do sholáthairtí daonnúla agus do phearsanra daonnúil, i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus le prionsabail dhaonnúla, gan idirdhealú a dhéanamh ar gach duine atá i ngátar, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, sna gobharnóireachtaí uile atá thíos leis. Iarrann an tAontas go gcuirfí deireadh láithreach le mórshrianta riaracháin agus maorlathacha ar fud na tíre, lena gcuirfí teorainn le rochtain dhaonnúil agus gníomhaíochtaí forbartha, chomh maith le scaoileadh saor baill foirne idirnáisiúnta agus áitiúla reatha eagraíochtaí daonnúla agus iarbhaill foirne. Ní féidir glacadh le srianta breise ar nós Mahram, mar a thugtar orthu, a chuireann na Houthis go háirithe ar oibrithe cabhrach ban.

14. Is cúis imní don Aontas na héifeachtaí atá ag fogha na Rúise faoin Úcráin ar Éimin maidir le slándáil an tsoláthair bia, agus tá réitigh á lorg aige chun tionchar an chogaidh sin ar shláine na slabhraí soláthair bia agus ar an acmhainneacht táirgeachta dhomhanda a mhaolú. In ainneoin riachtanais dhaonnúla nua san Eoraip i ndiaidh chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, méadóidh an tAontas a thacaíocht dhaonnúil d'Éimin le haghaidh 2022 agus 2023. Ó thús na coinbhleachta in Éimin, tá cúnamh de bhreis agus EUR 1.3 billiún tugtha ag an Aontas agus is cúis imní fós dó faoin drochstaid dhaonnúil sa tír.

15. Iarrann an tAontas an athuair ar na deontóirí uile tacaíocht airgeadais a chur ar fáil tríd an gcóras daonnúil iltaobhach, agus ar an gcaoi sin gníomhaíocht dhaonnúil agus forbartha atá dea-chomhordaithe agus níos éifeachtaí a áirithiú. Tacaíonn an tAontas go hiomlán le ról agus láithreacht na Náisiún Aontaithe chomh maith le heagraíochtaí daonnúla agus eagraíochtaí eile um fhorbairt, chun feidhmiú i ngach cuid den tír.

16. Is príomhspreagadh do riachtanais dhaonnúla in Éimin inniu é staid an gheilleagair, a bhfuil gá le cur chuige struchtúrach fadtéarmach ina leith. Iarrann an tAontas ar na páirtithe agus ar ghníomhaithe náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt ar an drochstaid eacnamaíoch in Éimin agus tá sé fós réidh agus tiomanta do thacú le gnéithe eacnamaíocha na n-iarrachtaí síochána agus an téarnaimh fhadtéarmaigh.

17. Cuireann an tAontas i dtábhacht gur gá faireachán agus doiciméadú leanúnach neamhspleách neamhchlaonta a dhéanamh ar sháruithe tromchúiseacha chearta an duine agus comhtháthú iomlán na cuntasachta agus an cheartais idirthréimhsigh sa phróiseas síochána, agus ról ríthábhachtach na mban á mheabhrú dó. Iarrann sé ar pháirtithe Éimin, ar thíortha sa réigiún agus ar an bpobal idirnáisiúnta i gcoitinne an tsaincheist sin a choinneáil ar an gclár oibre agus leanúint d’fhéachaint ar roghanna chun sásra neamhspleách a chur ar bun chun sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar an tsaoirse ó phionós sin chun fulaingt bhreise mhuintir Éimin a sheachaint. Iarrann an tAontas ar na páirtithe foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht a chosc agus gealltanais a ghlacadh chun déantóirí coire a thabhairt chun cuntais.

18. Iarrann an tAontas ar na gníomhaithe uile, go háirithe ar na Houthis, fuadaithe agus gach duine atá á gcoinneáil go neamhdhleathach nó go treallach a scaoileadh saor. Ní mór deireadh a chur le gníomhartha céastóireachta, foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear i gcoinne chosantóirí chearta an duine agus iriseoirí. Iarrann an tAontas freisin ar Rialtas Éimin agus ar na Houthis dul ar aghaidh le tuilleadh malartuithe príosúnach.

19. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go hiomlán le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe d’Éimin (UNVIM), leanfaidh sé dá ranníocaíochtaí airgeadais, agus spreagann sé deontóirí eile tacaíocht a chur ar fáil freisin. Iarrann an tAontas ar Rialtas Éimin agus ar an gcomhghuaillíocht tacú le UNVIM a ghníomhaíochtaí cigireachta agus fíorúcháin oibríochtúla a dhéanamh in Hodeidah, Jeddah agus Calafort Rí Abdullah.

20. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil maoiniú leordhóthanach faighte le haghaidh thús Chéim 1 chun teacht ar réiteach ar na bagairtí a bhaineann le tancaer FSO SAFER. Tacaíonn an tAontas leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi stiúir na Náisiún Aontaithe chun an réiteach comhaontaithe a chur chun feidhme. Tathantaíonn an tAontas ar na Náisiúin Aontaithe dlús a chur lena n-iarrachtaí an plean a chur i gcrích. Go dtí sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar phleanáil theagmhasach i gcás sceite, dóiteáin nó pléasctha, toisc go bhféadfadh iarmhairtí tubaisteacha a bheith ag guaiseacha comhshaoil.

21. Bíonn tionchar láidir ag an tslándáil mhuirí ar thrádáil mhuirí idirnáisiúnta. Tá an tAontas faoi réir chun dlús a chur lena iarrachtaí muinín a chothú agus sábháilteacht agus slándáil mhuirí a chur chun cinn i mór-réigiún na Murascaille agus sa Mhuir Rua. Le hOibríocht EUNAVFOR Atalanta agus le cur chun feidhme choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, chomh maith le comhar agus comhordú feabhsaithe leis an tionscnamh leanúnach maidir le Feasacht Mhuirí i gCaolas Hormuz faoi stiúir na hEorpa (EMASOH), lena gcomhlánaítear a chéile, rannchuideofar leis sin.